Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10760 — AIRBUS / SAFRAN / TAC / AUBERT & DUVAL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 452/11)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Airbus SAS ("Airbus", an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Airbus SE (an Ísiltír),

— Safran S.A. ("Safran", an Fhrainc),

— Tikehau Ace Capital S.A.S. ("TAC", an Fhrainc),

— Aubert & Duval S.A. ("Aubert & Duval", an Fhrainc).

Gheobhaidh Airbus, Safran agus TAC rialú comhpháirteach ar Aubert & Duval ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Airbus gníomhach ar bhonn domhanda i seirbhísí a bhaineann leis an aerloingseoireacht, an spás agus an chosaint. Tá a ghnó eagraithe i dtrí dheighleog oibriúcháin: (i) Airbus (Aerárthaí Tráchtála); (ii) Airbus Helicopters (héileacaptair); agus (iii) Airbus Defence and Space (an chosaint agus an spás).

— Tá Safran dírithe ar thrí phríomhréimse: (i) tiomáint aeraspáis; (ii) trealamh aerárthaí, córais chosanta agus aeraspáis; agus (iii) feistis inmheánacha aerárthaí. Clúdaíonn Safran saolré iomlán na n-inneall, na gcóras, agus an trealaimh le haghaidh aerárthaí sibhialta agus míleata a bhfuil sciathán dobhogtha nó sciathán rothlach acu,

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é TAC a dhíríonn ar dhá earnáil: tionscail straitéiseacha (aeraspás, cosaint, agus muirí) agus teicneolaíochtaí iontaofa (anailís ar rioscaí cibearshlándála agus bogearraí, agus cibearshlándáil),

— Is soláthraí táirgí miotalóireachta ardforbartha i bhfoirm codanna, táirgí fada, agus púdair miotail le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha éagsúla, lena n-áirítear feidhmeanna eitlíochta, spáis, núicléach, cosanta, agus fuinnimh é Aubert & Duval.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10760 — AIRBUS / SAFRAN / TAC / AUBERT & DUVAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË